AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.10.2025
COM(2025) 579 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

de bhun Airteagal 278a de Chód Custaim an Aontais, maidir le dul chun cinn i bhforbairt na gcóras leictreonach dá bhforáiltear faoin gCód

{SWD(2025) 281 final}

Clár Ábhar

1. Réamhrá 2
2. Inneachar na Tuarascála 3
3. Freagrachtaí le haghaidh chórais leictreonacha Chód Custaim an Aontais 4
4. Forbhreathnú domhanda ar dhul chun cinn le córais leictreonacha Chód Custaim an Aontais 5
4.1 TIONSCADAIL A CUIREADH I **g**CRÍCH ROIMH 2024 5
4.2 TIONSCADAIL ATÁ LEANÚNACH AGUS A TUGADH I **g**CRÍCH IN 2024 5
4.3 RIOSCAÍ MAIDIR LE MOILLEANNA AR CHUR CHUN FEIDHME TF CHÓD CUSTAIM AN AONTAIS 15
4.4 BEARTA MAOLAITHE 17
4.5 STAID NA **h**IMEARTHA MAIDIR LE TÍORTHA IS IARRTHÓIRÍ NÓ TÍORTHA IS IARRTHÓIRÍ IONCHASACHA 19
5. Achoimre ar bhainistíocht agus conclúidí 20

1. RÉAMHRÁ

Is í seo **tuarascáil bhliantúil 2024 ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme digiteach Chód Custaim an Aontais**[1]**,** an séú ceann a dhréachtaigh an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 278(a) ó Chód Custaim an Aontais maidir leis an dul chun cinn i dtaobh na córais leictreonacha a fhorbairt[2]. Cumhdaítear léi **stádas an dul chun cinn a baineadh amach in 2024**, lena n-áirítear dearcadh ar an **dul chun cinn a bhfuil coinne leis amach anseo**.

Tháinig Cód Custaim an Aontais i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2016 agus i ndiaidh é a leasú in 2019[3], bunaítear leis na sprioc-amanna 2020, 2022 agus 2025 chun na tionscadail a thabhairt i gcrích de réir a chéile i dtéarmaí aistriú agus cur chun feidhme digiteach. Is féidir leanúint leis na córais leictreonacha agus córais pháipéir atá ann cheana a úsáid chun foirmiúlachtaí custaim a thabhairt chun críche (na 'bearta idirthréimhseacha' mar a thugtar orthu) go dtí go mbeidh na córais leictreonacha nua nó uasghrádaithe atá beartaithe faoi Chód Custaim an Aontais ag feidhmiú. Sa chomhthéacs sin, tá Clár Oibre Chód Custaim an Aontais[4] agus an Rialachán Cur Chun Feidhme maidir leis na Socruithe Teicniúla le haghaidh na gcóras leictreonach[5] le léamh i gcomhar le Cód Custaim an Aontais agus lena ghníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme.

Tá Clár Oibre Chód Custaim an Aontais ar an ionstraim dlí chun an próiseas aistrithe tríthoiseach céimseach agus casta i dtreo timpeallacht chustaim atá go hiomlán digiteach a stiúradh, agus idirspleáchais idir na córais agus staid na forbartha iarbhír á gcur san áireamh. Is éard atá ann an ionstraim a úsáidtear chun na páirtithe leasmhara sna tionscadail (na Ballstáit, an Coimisiún, oibreoirí eacnamaíocha) a stiúradh i dtreo na tionscadail a chur chun feidhme ar bhealach coiteann agus indéanta faoin 31 Nollaig 2025 mar dháta deiridh críochnaitheach an aistrithe dhigitigh.

Leis an tuarascáil seo tarraingítear ar Chlár Oibre Chód Custaim an Aontais, rud a ghlac an Coimisiún an 15 Nollaig 2023, mar an bhunlíne chun an dul chun cinn a thuairisciú. Sainítear gnéithe rialachais an chláir agus an tionscadail sa Phlean Straitéiseach Ilbhliantúil maidir le Custam (MASP-C).

I gcomhthreo le cur chun feidhme leanúnach Chód Custaim an Aontais, an 17 Bealtaine 2023 ghlac an Coimisiún togra chun athchóiriú cuimsitheach a dhéanamh ar an Aontas Custaim, lena n-áirítear Cód Custaim nua de chuid an Aontais, ar claochlú suntasach é sin ar chreat custaim an Aontais.[6]. Tá Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i mbun scrúdú ar an togra sin faoi láthair de réir an ghnáthnós imeachta reachtaigh.

Tá an t-athchóiriú sin struchtúraithe timpeall trí phríomhcholún:

---

1 Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais, IO L 269, 10.10.2013, lch. 1–101.

2 Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle:
2019: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/ALL/?uri=CELEX%3A52019SC0434;
2020: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A52020SC0339;
2021: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A52021SC0382;
2022: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A52023SC0029;
2023: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=COM%3A2024%3A395%3AFIN.

3 Rialachán (AE) 2019/632 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 a mhéid a bhaineann le síneadh ama a chur le húsáid idirthréimhseach a bhaint as bealaí eile seachas na teicnící próiseála sonraí leictreonacha dá bhforáiltear i gCód Custaim an Aontais, IO L 111, 25.4.2019, lgh. 54–58.

4 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2879 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2023 lena mbunaítear an clár oibre maidir leis na córais leictreonacha dá bhforáiltear i gCód Custaim an Aontais a fhorbairt agus a imscaradh, IO L 202302879, 22.12.2023, lgh. 1–17, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=OJ:L_202302879.

5 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/512 ón gCoimisiún an 13 Márta 2025 maidir le socruithe teicniúla chun córais leictreonacha a fhorbairt, a chothabháil agus a úsáid chun faisnéis a mhalartú agus a stóráil faoi Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, IO L 2025/512, 20.3.2025, lgh. 1–45, https://eur-lex.europa.eu/eli/reg_impl/2025/512/oj/eng?eliuri=eli%3Areg_impl%3A2025%3A512%3Aoj&locale=ga.

6 Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear Cód Custaim an Aontais agus Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 (COM/2023/258 final).

1) Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a chruthú a fhorbróidh agus a dhéanfaidh maoirseacht ar Mhol Sonraí Custaim an Aontais: is éard a bheidh ann sin inneall an chórais nua a chuirfidh timpeallacht láraithe sonraíbhunaithe in ionad an struchtúir TF dhíláraithe atá ann faoi láthair agus atá bunaithe ar dhearbhuithe custaim;

2) comhpháirtíocht nua le hoibreoirí trádála bunaithe ar phróisis thrédhearcacha, rud a fhágfaidh go mbeidh sreabha trádála comhlíontacha in ann oibriú gan idirghníomhaíocht chustaim fhoirmiúil agus rud a laghdóidh an t-ualach riaracháin gaolmhar;

3) córas custaim ríomhthráchtála saincheaptha, rud a fhágfaidh go mbeidh ardáin ar líne ina bpríomhghníomhaithe chun a áirithiú gurb amhlaidh leis an hearraí a dhíoltar ar líne go díreach le tomhaltóirí san Aontas a chomhlíonfar na hoibleagáidí custaim uile.

Is tosaíocht láidir é córais leictreonacha Chód Custaim an Aontais a chur i gcrích go tráthúil chun na tairbhí a tugadh isteach le haghaidh trádálaithe i gCód Custaim an Aontais a chur i gcrích. Tá an méid sin ríthábhachtach chun tacú leis an Athchóiriú Custaim agus le forbairt Mhol Sonraí Custaim an Aontais a bheidh ann amach anseo agus chun cur leo, seachas sin, ní bheadh na simplithe suntasacha a gealladh leis an athchóiriú custaim bunaithe ar bhonn láidir.

2. INNEACHAR NA TUARASCÁLA

Is féidir na tionscadail atá liostaithe i gClár Oibre Chód Custaim an Aontais a roinnt i dtrí chatagóir de chórais bunaithe ar na sainmhínithe dá ndéantar foráil sa Rialachán Cur Chun Feidhme maidir leis na Socruithe Teicniúla[7]:

i) **Córais lárnacha thras-Eorpacha** atá le forbairt nó le huasghrádú ag an gCoimisiún (dá n-éilítear go minic go ndéanfaidh na Ballstáit forbairtí nó uasghrádú ar na córais náisiúnta freisin);
ii) **Córais dhíláraithe thras-Eorpacha** nach mór don Choimisiún a fhorbairt nó a uasghrádú ach a bhfuil comhpháirt náisiúnta acu le cur chun feidhme ag na Ballstáit;
iii) **Córais náisiúnta** nach mór do na Ballstáit iad féin iad a fhorbairt nó a uasghrádú.

Tosaítear an tuarascáil seo trí mhíniú a thabhairt ar an modh chun an tuarascáil a chruthú agus na foinsí a úsáidtear (roinn 2) agus ansin cumhdaítear gan mhoill na freagrachtaí le haghaidh chórais leictreonacha Chód Custaim an Aontais (roinn 3). Thairis sin, tugtar an forléargas domhanda inti ar na tionscadail éagsúla agus ar a ndul chun cinn agus cuirtear i dtábhacht léi freisin moilleanna féideartha, i gcás ina sainaithnítear iad, chomh maith le bearta maolaitheacha beartaithe (roinn 4). Déantar achoimre ar an measúnú foriomlán ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme Chlár Oibre Chód Custaim an Aontais i gconclúid na tuarascála seo (roinn 5).

Tá **Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin ag gabháil leis an tuarascáil seo**[8], doiciméad a foilsíodh in éineacht leis an tuarascáil seo, ina bhfuil faisnéis mhionsonraithe maidir le pleanáil agus dul chun cinn na dtionscadal éagsúil mar a thuairiscigh na Ballstáit. Thacaigh conraitheoir seachtrach leis an obair sin.

Déantar an tuarascáil agus an Doiciméad Inmheánach Oibre a tharraingt suas ar bhonn faisnéis a bailíodh ó na **foinsí** seo a leanas:

(1) pleananna tionscadail náisiúnta a gceanglaítear ar na Ballstáit iad a sholáthar faoi dhó sa bhliain (i mí Eanáir agus mí an Mheithimh).

[7] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/512 ón gCoimisiún an 13 Márta 2025 maidir le socruithe teicniúla chun córais leictreonacha a fhorbairt, a chothabháil agus a úsáid chun faisnéis a mhalartú agus a stóráil faoi Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, IO L 2025/512, 20.3.2025, lgh. 1–45, https://eur-lex.europa.eu/eli/reg_impl/2025/512/oj/eng?eliuri=eli%3Areg_impl%3A2025%3A512%3Aoj&locale=ga

[8] Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann leis an Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle de bhun Airteagal 278a de Chód Custaim an Aontais, maidir le dul chun cinn i bhforbairt na gcóras leictreonach dá bhforáiltear faoin gCód, Doiciméad Inmheánach Oibre (2024) XX final.

San fhaisnéis a bailíodh le haghaidh gach tionscadail áirítear dátaí sonracha, an stádas agus an dul chun cinn le haghaidh gach ceann de na garspriocanna a leagtar síos i gClár Oibre Chód Custaim an Aontais;

(2) **suirbhé** a scaipeadh ar na Ballstáit.

Leis an bhfaisnéis, gabhadh an measúnú ar riosca, moilleanna agus cúiseanna le haon mhoilleanna den sórt sin, chomh maith leis na bearta maolaitheacha a beartaíodh agus/nó a rinneadh i ndáil leis na tionscadail. Thairis sin, ag leanúint den chur chuige a glacadh in 2023, sholáthair na Ballstáit faisnéis freisin maidir leis na ceachtanna a foghlaimíodh le linn na tionscadail a fhorbairt agus maidir leis an tacaíocht bhreise fhéideartha is gá;

(3) cruinnithe ardleibhéil déthaobhacha le Stiúrthóireachtaí TF Custaim na mBallstát.

Le linn na gcruinnithe déthaobhacha, faightear tuiscint iomlán agus chruinn ó na Ballstáit ar stádas gach tionscadail de chuid Chód Custaim an Aontais, lena n-áirítear na saincheisteanna a bhí rompu, agus gintear smaointe chun feabhas a chur ar staideanna achrannacha.

(4) aschuir ó na cláir thras-Eorpacha um chomhordú agus um fhaireachán.

Sa tuarascáil seo áirítear anailís freisin bunaithe ar fhaisnéis níos mionsonraithe arna soláthar ag na Bainisteoirí Tionscadail in Ard-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Chustaim (AS TAXUD) de chuid an Choimisiúin agus arna tuairisciú ag na Ballstáit faoi chuimsiú na gClár Comhordúcháin atá i bhfeidhm ó bhí 2020 ann le haghaidh na gcóras tras-Eorpach.

3. FREAGRACHTAÍ LE hAGHAIDH CHÓRAIS LEICTREONACHA CHÓD CUSTAIM AN AONTAIS

De réir struchtúr an chórais arna chomhaontú ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún le haghaidh gach ceann de na córais (de chineál láraithe, dílláraithe nó náisiúnta), sainítear **comhroinnt róil** a mhéid a bhaineann leis na **freagrachtaí** as forbairt, imscaradh, oibriú agus coinneáil ar bun. Leagtar an méid sin síos sa Rialachán Cur Chun Feidhme maidir leis na Socruithe Teicniúla ina dtugtar tuairisc ar a bhfuil i gceist le comhpháirteanna na gcóras sin, agus ar a gcineál – náisiúnta (arna fhorbairt ar an leibhéal náisiúnta) nó coiteann (arna fhorbairt ar leibhéal an Aontais). Ó thaobh struchtúir de, tá na córais láraithe agus dhílláraithe de chineál tras-Eorpach agus tá comhpháirteanna coiteanna iontu mar réamhshocrú, in éineacht le comhpháirteanna náisiúnta, uaireanta, cé nach bhfuil sna córais náisiúnta ach comhpháirteanna náisiúnta.

I gcomhréir le hAirteagal 103 de Rialachán Cur Chun Feidhme maidir leis na Socruithe Teicniúla, déanfaidh an Coimisiún na **comhpháirteanna coiteanna** a fhorbairt, a thástáil, a imscaradh agus a bhainistiú, agus féadfaidh na Ballstáit iad a thástáil. Déanfaidh na Ballstáit na **comhpháirteanna náisiúnta** a fhorbairt, a thástáil, a imscaradh agus a bhainistiú.

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na comhpháirteanna náisiúnta idir-inoibritheach leis na comhpháirteanna coiteanna. Déanfaidh an Coimisiún na sonraíochtaí coiteanna le haghaidh na gcóras dílláraithe a dhearadh agus a chothabháil i ndlúthchomhar leis na Ballstáit. Déanfaidh na Ballstáit comhéadain a fhorbairt, a oibriú agus a chothabháil chun an fheidhmiúlacht a sholáthar le haghaidh na gcóras dílláraithe is gá le haghaidh malartú faisnéise le hOibreoirí Eacnamaíocha agus le daoine eile trí chomhpháirteanna náisiúnta agus comhéadain náisiúnta, mar aon le Ballstáit eile trí chomhpháirteanna coiteanna.

4. FORBHREATHNÚ DOMHANDA AR DHUL CHUN CINN LE CÓRAIS LEICTREONACHA CHÓD CUSTAIM AN AONTAIS

Tá 17 dtionscadal i gClár Oibre Chód Custaim an Aontais as a dtagann imscaradh na gcóras leictreonach a éilítear lena n-áirítear 14 **thionscadal thras-Eorpacha** as a bhfuil an Coimisiún agus na Ballstáit freagrach (as a dtagann córais láraithe agus dhíláraithe) agus 3 **thionscadal náisiúnta** a thagann faoi fhreagracht na mBallstát amháin (as a dtagann córais náisiúnta).

4.1 TIONSCADAIL A CUIREADH I gCRÍCH ROIMH 2024

Tuairiscíonn an Coimisiún imscaradh rathúil na **naoi gcóras nua nó uasghráduithe seo a leanas**:

- Córas Onnmhaireoirí Cláraithe Chód Custaim an Aontais – *REX* (nua): Arna imscaradh in 2017;
- Cinntí Custaim Chód Custaim an Aontais – *CDS* (nua): Arna imscaradh in 2017;
- Rochtain Dhíreach Trádálaí Chód Custaim an Aontais ar na Córais Eorpacha Faisnéise – *UUM&DS* (Bainistíocht Úsáideora Aonfhoirmeach & Síniú Digiteach) (nua): Arna imscaradh in 2017;
- Córas Clárúcháin agus Aitheantais Oibreoirí Eacnamaíocha Chód Custaim an Aontais 2 – *EORI2* (uasghrádú): Arna imscaradh in 2018;
- Faireachas 3 Chód Custaim an Aontais – *SURV3* (uasghrádú): Arna imscaradh in 2018;
- Faisnéis Taraife Cheangailteach Chód Custaim an Aontais – *BTI* (uasghrádú): Arna imscaradh in 2019;
- Oibreoirí Eacnamaíocha Údaraithe Chód Custaim an Aontais – *AEO* (uasghrádú): Arna imscaradh in 2019;
- Bileoga Faisnéise Chód Custaim an Aontais le haghaidh Nósanna Imeachta Speisialta – *INF* (nua): Arna imscaradh in 2020;
- Córas Rialaithe Allmhairí Chód Custaim an Aontais 2 – Eisiúint 1 agus 2 – *ICS2 – Eisiúint 1 agus 2* (uasghrádú): Imscaradh iad in 2021 agus 2023 faoi seach.

4.2 TIONSCADAIL ATÁ LEANÚNACH AGUS A TUGADH I gCRÍCH IN 2024

Is é is aidhm don tuarascáil seo na héachtaí agus na dúshláin a tháinig chun cinn agus na tionscadail leanúnacha á gcur chun feidhme in 2024 ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit a chur i dtábhacht.

I Roinn 4.2.1 tugtar forbhreathnú ar na **sé thionscadal thras-Eorpacha** atá beartaithe lena n-imscaradh idir 2024 agus 2025. I gcás 5 cinn de na tionscadail sin, is in 2024 a thiocfaidh deireadh lena dtréimhsí imscartha mar a leagtar síos i gcreat dlíthiúil Chlár Oibre Chód Custaim an Aontais.

Le roinn 4.2.2 leagtar amach cur chun feidhme na **3 thionscadal náisiúnta**, is é sin *Fógra Teachta*/*Fógra Cur i Láthair*/*Stóráil Shealadach* (na córais iontrála náisiúnta mar a ghairtear díobh), *Córais Allmhairiúcháin Náisiúnta,* agus *Nósanna Imeachta Speisialta*. Beartaíodh ar dtús go mbeadh na tionscadail sin oibríochtúil faoin 31 Nollaig 2022, mar a shainítear i gCód Custaim an Aontais. Mar sin féin, toisc nach rabhthas in ann an sprioc-am sin a chomhlíonadh agus mar a sainaithníodh cheana i dTuarascálacha Bliantúla Chód Custaim an Aontais ar Dhul Chun Cinn, d'iarr roinnt Ballstát maolú faoi Airteagal 6(4) de Chód Custaim an Aontais. Dá thoradh sin, an 1 Feabhra 2023, ghlac an Coimisiún Cinntí Cur Chun Feidhme lena ndeonaítear maoluithe do Bhallstáit áirithe, lenar leathnaíodh an sprioc-am chuig an 31 Nollaig 2023 le haghaidh na gCóras Allmhairiúcháin Náisiúnta agus réimse allmhairiúcháin na Nósanna Imeachta Speisialta, agus le haghaidh na gcóras iontrála náisiúnta le haghaidh aeriompair, agus léiríodh ailíniú breise an tráth chéanna leis na heisiúintí éagsúla de ICS2 le haghaidh modhanna iompair eile.

4.2.1 Tionscadail thras-Eorpacha

Leanann na tionscadail thras-Eorpacha struchtúr ar leith, a bhféadfadh meascán de ghnéithe lárnacha agus náisiúnta a bheith i gceist leis chomh maith le céimeanna nó comhpháirteanna iomadúla. Mar a luaitear in Airteagal 278(3) de Chód Custaim an Aontais, ní mór na tionscadail a chur i gcrích tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2025. Cuirtear tuairisc agus dul chun cinn maidir le gach tionscadal i láthair thíos:

1) **Bainistíocht Ráthaíochta Chód Custaim an Aontais** – GUM (nua): tá sé d'aidhm aige bainistíocht éifeachtach agus éifeachtúil ar chineálacha éagsúla ráthaíochtaí ar fud an Aontais a áirithiú, ag díriú ar fheabhas a chur ar an luas próiseála, inrianaitheacht, agus faireachán a dhéanamh ar ráthaíochtaí idir oifigí custaim.

   Dul chun cinn: *GUM – Comhpháirt 1* lena ndéantar ráthaíochtaí is féidir a úsáid ar fud na mBallstát a bhainistiú go lárnach, tháinig sí chun bheith **oibríochtúil an 11 Márta 2024** laistigh den Chóras Cinnteoireachta Custaim. I bhfianaise an idirnaisc idir an dá chomhpháirt, leanann gníomhaíochtaí tástála comhréireachta de bheith ar fáil go gcuirfidh na Ballstáit a gcórais *GUM – Comhpháirt 2* chun feidhme.

   Maidir leis an gcomhpháirt náisiúnta, *GUM — Comhpháirt 2*, táthar ag súil go mbunóidh na Ballstáit naisc oibríochtúla leis an gcomhpháirt lárnach idir mí an Mhárta 2024 agus mí an Mheithimh 2025. Thuairiscigh cúpla Ballstát gur cuireadh imscaradh a gcomhpháirte náisiúnta i gcrích; mar sin féin, thuairiscigh formhór na mBallstát go bhfuil riosca ar leibhéal íseal go meánleibhéal ann go ndéanfar an tionscadal a chur i gcrích go tráthúil faoi R2 2025.

   Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach roinn 3.6.2 agus roinn 4.1.2 den Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann leis an tuarascáil seo.

2) **Córas Rialaithe Allmhairí 2 de chuid Chód Custaim an Aontais** – *ICS2* (uasghrádú): is é is aidhm dó Sábháilteacht agus Slándáil an tslabhra soláthair a neartú trí fheabhas a chur ar cháilíocht sonraí, ar chomhdú, ar infhaighteacht agus ar chomhroinnt ardfhaisnéise lastais.

   Dul chun cinn: Le *ICS2 – Eisiúint 3*, leathnaítear an raon feidhme ó aeriompar chuig trácht muirí agus uiscebhealaí intíre, trácht ar bhóithre agus iarnróid. Ós rud é go mbaineann sé le lárchóras, is oibreoirí eacnamaíocha amháin a dhéanann gníomhaíochtaí tástála comhréireachta le haghaidh na heisiúna sin.

   Ar an iomlán, tosóidh na hoibreoirí eacnamaíocha ag úsáid *ICS2 – Eisiúint 3* i dtrí chéim: iompróirí muirí agus uiscebhealaí intíre faoin 4 Nollaig 2024, trácht muirí agus uiscebhealaí intíre faoin 1 Aibreán 2025 agus iompróirí bóthair agus iarnróid faoin 1 Meán Fómhair 2025. Léirigh formhór na mBallstát go raibh an tionscadal ar sprioc le haghaidh an iompair mhuirí agus go raibh riosca íseal ann go gcomhlíonfar sprioc-am Chlár Oibre Chód Custaim an Aontais le haghaidh na mód iompair eile.

   Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach roinn 4.2.2 den Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann leis an tuarascáil seo.

3) **Cruthúnas Chód Custaim an Aontais ar Stádas Aontais** – *PoUS* (nua): is é is aidhm dó cruthúnas go léir a stóráil, a bhainistiú agus a aisghabháil chun a léiriú go soláthraíonn trádálaithe stádas Aontais dá n-earraí. Mar gheall ar spleáchais le Lastliosta Earraí Custaim Chód Custaim an Aontais agus leis an timpeallacht Eorpach Ionaid Ilfhreastail Mhuirí, cuirfear an tionscadal i gcrích in dhá chéim éagsúla chun rioscaí agus neamhréireachtaí a íoslaghdú.

   Dul chun cinn: *PoUS – Céim 1* tosaíodh **na hoibríochtaí an 1 Márta 2024** mar a beartaíodh.

   Maidir le *PoUS — Céim 2*, chuir an Coimisiún sonraíochtaí teicniúla i gcrích in R2 2023, agus tá gníomhaíochtaí tástála comhréireachta le tabhairt i gcrích in R3 2025.

Tá na Ballstáit agus an Coimisiún ar an sprioc chun an tionscadal a chur i gcrích go tráthúil faoin spriocdháta dlíthiúil an 15 Lúnasa 2025. Sainaithníodh meánriosca go hardriosca le haghaidh an tionscadail i bhfianaise an spleáchais ar EMSWe.

Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach roinn 3.9.2 agus roinn 4.3.2 den Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann leis an tuarascáil seo.

4) **Imréiteach Láraithe Allmhairiúcháin Chód Custaim an Aontais** – Le córas Tras-Eorpach CCI nua áirithítear digitiú an phróisis láraithe imréitigh ar an leibhéal Eorpach mar a shainítear i gCód Custaim an Aontais. Leis sin cuirtear é ar a gcumas do thrádálaithe iontaofa dearbhú custaim a chur isteach ag an oifig custaim maoirseachta i mBallstát a mbunraíochta, le haghaidh earraí a chuirtear i láthair oifig custaim go fisiceach in aon Bhallstát eile, rud a chumasaíonn próiseáil dearbhuithe custaim agus scaoileadh fisiciúil earraí ar bhealach digiteach, éifeachtúil, intuartha agus comhordaithe i measc na n-oifigí custaim atá lonnaithe i mBallstáit éagsúla.

Tá córas CCI á chur chun feidhme in dhá chéim:


Le ***CCI – Céim 1,*** cumasaítear uathphróiseáil dearbhaithe chaighdeánaigh agus shimplithe lena n-áirítear dearbhú custaim réamhthaiscthe, chomh maith le dearbhú forlíontach de chineál tréimhsiúil nó ginearálta chun earraí a scaoileadh i saorchúrsaíocht, nós imeachta stórasaithe custaim, próiseáil isteach agus úsáid deiridh. Le ***CCI – Céim 2,*** cuirtear le Céim 1 tríd an raon feidhme a leathnú chuig na **cásanna CCI uile atá fágtha**, lena n-áirítear **cineálacha dearbhaithe agus sreabh próisis níos casta**. Is é is aidhm dó comhtháthú digiteach agus feidhmiúlacht an imréitigh láraithe le haghaidh allmhairí ar fud an Aontais a chur i gcrích.

Tá dlúthbhaint idir an dá chéim: **Réamhriachtanas le haghaidh Chéim 2 is ea Céim 1**, agus roghnaigh Ballstáit áirithe an dá chéim a chur chun feidhme go comhuaineach chun iarrachtaí náisiúnta a chuíchóiriú.

Dul chun cinn: Le haghaidh *CCI – Céim 1*, tá dul chun cinn á dhéanamh ag an gCoimisiún de réir an sceidil agus tá tástáil comhréireachta leis na Ballstáit ar bun faoi láthair. Sannadh riosca meánleibhéil go riosca ardleibhéil don tionscadal mar gheall ar spleáchais ar ullmhacht na mBallstát le huasghrádú na g*Córas Allmhairiúcháin Náisiúnta*, réamhriachtanas chun *CCI* a imscaradh.

Cuireadh tús leis an gcéad chéim de chur chun feidhme chóras CCI **an 1 Iúil 2024 tráth a ullmhaíodh na comhpháirteanna coiteanna agus cuid de na comhpháirteanna náisiúnta.** Mar a léirítear i bhFíor 1 thíos, tá céim 1 de CCI ar fáil lena húsáid ag gnólachtaí Eorpacha in 9 mBallstát (BG, EE, ES, LU, LT, LV, PL, RO, HR) i mí Mheán Fómhair 2024. Faoin 2 Meitheamh 2025 tá sé beartaithe ag BE, CZ, DK, EL, CY, IT, MT, AT, HU, PT, FI, SE dul isteach ann de réir a chéile. Faoin 31 Nollaig 2025 tá sé beartaithe ag DE, SK, NL, agus IE dul isteach ann de réir a chéile. Tá sé beartaithe ag FR dul isteach ann tar éis 2025.

Áirítear i ngach barra cruaiche gorm an líon Ballstát a d'imscar córas CCI, agus léirítear leis an líne ghlas an líon iomlán Ballstát (a bhfuil coinne leis go mbeidh siad) in oibríochtaí agus léirítear leis an líne dhearg garsprioc dhlíthiúil an 1 Iúil 2024.



Fíor 1: Ballstáit CCI C1 ag dul i mbun oibríochtaí

A mhéid a bhaineann le *CCI – Céim 2*, thug an Coimisiún na sonraíochtaí teicniúla chun críche in 2022 agus cuireadh tástáil comhréireachta ar fáil.


Chun cúnamh a thabhairt do na Ballstáit agus do na trádálaithe gach cás agus próiseas *CCI* a chur chun feidhme, d'fhorbair an Coimisiún pacáiste sonraíochtaí teicniúla raoin feidhme iomlán *CCI – Céim 2* lena gcomhdhlúthaítear na sonraíochtaí le haghaidh an dá chéim, i dteannta treorach.

Ó thaobh measúnú a dhéanamh ar leibhéal iomláine chóras *CCI* iomlán, thuairiscigh formhór na mBallstát go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ar fhorbairtí, agus tá athdhearbhú áirithe ann go gcomhlíonfaidh siad an gharsprioc imscartha dheiridh an 2 Iúil 2025.

Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach roinn 3.5.2 agus roinn 4.4.2 den Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann leis an tuarascáil seo.

5) **Córas Nua Ríomhchuidithe Idirthurais Chód Custaim an Aontais** – *NCTS* (uasghrádú): is é is aidhm dó córas idirthurais an Aontais agus an córas coiteann idirthurais atá ann cheana a ailíniú le forálacha dlí Chód Custaim an Aontais, lena n-áirítear ceanglais sonraí nua Chód Custaim an Aontais agus comhéadain le córais eile.

Dul chun cinn: De réir Chlár Oibre Chód Custaim an Aontais 2023, is féidir an *Córas Nua Ríomhchuidithe Idirthurais – Céim 5* a chur chun feidhme in dhá chéim: príomhfheidhmiúlachtaí faoin 1 Nollaig 2023 agus leanúnachas gnó ailínithe le Cód Custaim an Aontais, agus feidhmiúlachtaí nach príomhfheidhmiúlachtaí iad faoin 2 Nollaig 2024. Cuireadh oibreoirí eacnamaíocha ar an eolas gur féidir leis na Ballstáit idirthréimhse a sholáthar go dtí an 2 Nollaig 2024 le haghaidh an chur chun feidhme iomláin.



Fíor 2: An Córas Nua Ríomhchuidithe Idirthurais – Céim 5, na Ballstáit ag dul i mbun oibríochtaí

Ar an iomlán, le haghaidh *Córas Nua Ríomhchuidithe Idirthurais — Céim* 5, tá dul chun cinn suntasach bainte amach. Mar a léirítear i bhFíor 2, chuir 14 Bhallstáit tús le hoibríochtaí agus príomhfheidhmiúlachtaí acu faoin 1 Nollaig 2023 agus faoi mhí Dheireadh Fómhair 2024 chuaigh 11 Ballstát bhreise isteach. D'athdheimhnigh na Ballstáit uile go bhfuil siad ullamh, go tráthúil, le dul i mbun oibríochtaí agus na príomhfheidhmiúlachtaí acu, agus na feidhmiúlachtaí nach príomhfheidhmiúlachtaí iad, faoin 2 Nollaig 2024, cé is moite de chúpla Ballstát a rachadh isteach ann gan mhoill ina dhiaidh sin, ach tráth nach déanaí ná an 21 Eanáir 2025, arb é sin scoithdháta an tseanChórais Nua Ríomhchuidithe Idirthurais – Céim 4.

Le haghaidh an Chórais Nua Ríomhchuidithe Idirthurais – Céim 6, bhí an amlíne sioncronaithe le hamlíne *ICS2 – Eisiúint 3*[9]. Thuairiscigh formhór na mBallstát go raibh riosca íseal ag baint le soláthar an chórais faoin 1 Meán Fómhair 2025, agus tá dul chun cinn á dhéanamh ag cuid acu cheana leis na sonraíochtaí teicniúla. Mar sin féin, chuir trí Bhallstát (FR, PL agus RO) in iúl go bhfuil sé beartaithe acu dul isteach in oibríochtaí tar éis an sprioc-ama.

Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach roinn 3.7.2 agus roinn 4.5.2 den Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann leis an tuarascáil seo.

6) **Uathchóras Onnmhairiúcháin Chód Custaim an Aontais** – *AES* (uasghrádú): tá sé d'aidhm aige ceanglais Chód Custaim an Aontais a chur chun feidhme maidir le hearraí a onnmhairiú agus a thabhairt amach, chomh maith le Simplithe Chód Custaim an Aontais a thairgtear le haghaidh na trádála.

Dul chun cinn: De réir Chlár Oibre Chód Custaim an Aontais 2023, is féidir leis na Ballstáit *AES* a imscaradh i dtrí chéim: príomhfheidhmiúlachtaí faoin 1 Nollaig 2023, comhéadan a dhéanamh le Mál faoin 13 Feabhra 2024 agus feidhmiúlachtaí nach príomhfheidhmiúlachtaí iad faoin 2 Nollaig 2024.


Thuairiscigh na Ballstáit dul chun cinn nach beag. Mar a léirítear i bhFíor 3, faoin 1 Nollaig 2023 chuir 12 Bhallstát tús le hoibríochtaí agus príomhfheidhmiúlachtaí acu, agus

[9] Mar a bheartaítear i gClár Oibre 2023 Chód Custaim an Aontais, déanfar *Córas Nua Ríomhchuidithe Idirthurais — Céim 5* a imscaradh go hiomlán faoin 21 Feabhra 2025. Tá an idirthréimhse ón g*Córas Nua Ríomhchuidithe Idirthurais – Céim 5* go dtí an *Córas Nua Ríomhchuidithe Idirthurais – Céim 6* beartaithe idir an 1 Márta 2025 agus 1 Meán Fómhair 2025, le linn na tréimhse céanna a aistreofar *ICS2 – Eisiúint 2* chuig *ICS2 – Eisiúint 3*, rud a fhágann gur mbeifear in ann an dá chóras a shioncronú.

faoi lár mhí Dheireadh Fómhair 2024 chuaigh 7 gcinn eile isteach. Rachaidh na Ballstáit uile atá fágtha, seachas FR agus GR, i mbun oibríochta agus príomhfheidhmiúlachtaí agus an comhéadan Máil acu, ar a laghad, roimh an 11 Feabhra 2025, agus chuaigh an chuid is mó acu isteach roimh dheireadh 2024.

Maidir leis an gcóras náisiúnta, *AES – Comhpháirt 2*, tá nó beidh an córas imscartha ag an gcuid is mó de na Ballstáit roimh sprioc-am an 2 Nollaig 2024.

Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach roinn 3.8.2 den Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann leis an tuarascáil seo.



Fíor 3: Ballstáit AES ag teacht i mbun oibríochtaí

Chun achoimre a dhéanamh ar stádas na dtionscadal tras-Eorpach eile, tá an Coimisiún ar an mbóthar ceart chun na spriocdhátaí dlíthiúla a bhaint amach, spriocdhátaí a comhaontaíodh i gcomhthéacs Chód Custaim an Aontais agus Chlár Oibre Chód Custaim an Aontais. A mhéid a bhaineann le himscaradh chomhpháirteanna náisiúnta na gcóras tras-Eorpach sin arna dhéanamh ag na Ballstáit, sainaithníodh rioscaí tromchúiseacha maidir le moilleanna, go háirithe le haghaidh *CCI agus AES* (féach roinn 4.3).

4.2.2 Tionscadail náisiúnta

Bhí na Ballstáit le huasghrádú a gcóras a chur i gcrích le haghaidh na **3 thionscadal lán-náisiúnta**[10] faoin 31 Nollaig 2022, i gcomhréir le hAirteagal 278(2) de Chód Custaim an Aontais. Mar sin féin, ní raibh 22 Bhallstát in ann an sprioc-am sin a chomhlíonadh agus, tar éis a n-iarrata, deonaíodh maolú dóibh, lenar leathnaíodh an sprioc-am imscartha go dtí an 31 Nollaig 2023[11]. I dtuarascáil na bliana seo

[10] Ní áirítear leis an amlíne sin an Chomhpháirt Onnmhairiúcháin den chóras náisiúnta Nósanna Imeachta Speisialta, dá bhfuil an ghníomhaíocht agus an phleanáil idirnasctha le *AES*.

[11] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/235 ón gCoimisiún an 1 Feabhra 2023 lena ndeonaítear maolú arna iarraidh ag Ballstáit áirithe de bhun Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle úsáid a bhaint as bealaí eile seachas teicnící próiseála sonraí leictreonacha chun faisnéis a mhalartú agus a stóráil chun fógra a thabhairt faoi theacht soithigh farraige móire nó aerárthaigh (IO L 32, 3.2.2023, lgh. 220-222).
Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/234 ón gCoimisiún an 1 Feabhra 2023 lena ndeonaítear maolú arna iarraidh ag Ballstáit áirithe de bhun Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le leas a bhaint as bealaí eile seachas teicnící próiseála sonraí leictreonacha chun faisnéis a mhalartú agus a stóráil i ndáil leis an bhFógra Cur i Láthair a bhaineann le hearraí a thugtar isteach i gcríoch chustaim an Aontais (IO L 32, 3.2.2023, lch. 217-219).
Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/236 ón gCoimisiún an 1 Feabhra 2023 lena ndeonaítear maolú arna iarraidh ag Ballstáit áirithe de bhun Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle úsáid a bhaint as bealaí

caite léiríodh roinnt moilleanna breise go príomha ar an gCóras Allmhairiúcháin Náisiúnta agus ar an gcóras um Stóráil Shealadach. Faoi dheireadh 2024, d'imscar formhór na Ballstát na córais iontrála agus allmhairiúcháin éagsúla sin, cé nach mór a thabhairt faoi deara go bhfuil cuid acu ag obair in atriall agus go ndéanfar roinnt feidhmiúlachtaí nó uasghráduithe ar a samhail sonraí a imscaradh nuair a eiseofar a gcórais níos déanaí. Maidir leis sin, tá cur chun feidhme iomlán na dtionscadal sin fós idir lámha le haghaidh líon substaintiúil Ballstát.

Cuirtear an dul chun cinn maidir le gach tionscadal náisiúnta i láthair thíos agus léirítear é i Fíor 4:

1) **Fógra Teachta, Fógra Cur i Láthair agus Stóráil Shealadach Chód Custaim an Aontais** (*AN, PN agus TS*) – (uasghrádú): tá sé d'aidhm aige sin na próisis iontrála náisiúnta a uathoibriú agus malartú sonraí idir cúrsaí trádála agus custaim a chomhchuibhiú ó Bhallstát go chéile.

   Dul chun cinn: Aithníodh go raibh seachadadh tráthúil na gcóras náisiúnta i mbaol i dTuarascálacha Bliantúla Chód Custaim an Aontais roimhe seo ar Dhul Chun Cinn. Mar a léirítear i bhFíor 4, is é is aidhm d'fhormhór na mBallstát an cur chun feidhme a chur i gcrích faoi dheireadh 2024 i bhfianaise an naisc le *ICS2 – Eisiúint 3*.

   Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach roinn 3.1.2 den Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann leis an tuarascáil seo.

2) **Córais Allmhairiúcháin Náisiúnta Chód Custaim an Aontais –** *NIS* (uasghrádú): is é is aidhm dó sin na ceanglais phróisis agus sonraí uile a bhaineann le hallmhairí earraí a chur chun feidhme mar a leagtar amach i gCód Custaim an Aontais.

   Dul chun cinn: Thuairiscigh roinnt Ballstát rioscaí maidir le seachadadh tráthúil an tionscadail ó 2022, rud a d'fhág gur deonaíodh maoluithe. Mar a léirítear i bhFíor 4, d'imscar 15 Bhallstát an *t-uasghrádú ar Chód Custaim an Aontais*. Mar sin féin, tá an t-imscaradh déanta ag cúpla Ballstát ach ceanglaíonn siad tuilleadh nuashonraithe (IE, PL agus SK) agus ní mheasann 4 cinn eile go mbainfidh siad an cur chun feidhme amach faoi dheireadh 2024.

   Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach roinn 3.2.2 den Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann leis an tuarascáil seo.

3) **Nósanna Imeachta Speisialta Chód Custaim an Aontais** – *SP* (uasghrádú): is é is aidhm dó Nósanna Imeachta Speisialta a chomhchuibhiú (i.e., stórasú custaim, úsáid deiridh, cead isteach sealadach agus próiseáil isteach/amach).

   Dul chun cinn: Mar a léirítear i bhFíor 4, chuir 18 mBallstát i gcrích *Nósanna Imeachta – Comhpháirt 2*. Cuireadh moill ar na Ballstáit eile tar éis an sprioc-ama, agus níl sé beartaithe ag 4 cinn acu an córas a imscaradh faoi dheireadh 2024.

   Maidir le *Nósanna Imeachta – Comhpháirt 1*, faoin 2 Nollaig 2024 tá nó beidh an córas imscartha ag formhór na mBallstát, d'ainneoin na n-idirspleáchas le *córas AES*.

   Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach roinn 3.3.2 agus roinn 3.4.2 den Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann leis an tuarascáil seo.

eile seachas teicnící próiseála sonraí leictreonacha chun faisnéis a mhalartú agus a stóráil le haghaidh an dearbhaithe stórála sealadaí a bhaineann le hearraí nach earraí ón Aontas iad a thíolactar do lucht custaim (IO L 32, 3.2.2023, lch. 223-225).
Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/237 ón gCoimisiún an 1 Feabhra 2023 lena ndeonaítear maolú arna iarraidh ag Ballstáit áirithe chun leas a bhaint as bealaí eile seachas teicnící próiseála sonraí leictreonacha le faisnéis a mhalartú agus a stóráil a bhaineann leis an dearbhú custaim le haghaidh earraí a thugtar isteach i gcríoch chustaim an Aontais a leagtar síos in Airteagail 158, 162, 163, 166, 167, 170 go 174, 201, 240, 250, 254 agus 256 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 32, 3.2.2023, lch. 226-228).

	AN	PN	TS	Córas Allmhairiúcháin Náisiúnta	IMP Nósanna Imeachta Speisialta
Sprioc-am Chlár Oibre Chód Custaim an Aontais	31/12/2022 le síneadh go dtí 31/12/2023[1]			31/12/2022 le síneadh go dtí 31/12/2023[2]	
AT	01/07/2023	01/06/2023	**02/06/2025**	**01/04/2025**	**01/04/2025**
BE	30/06/2023	05/07/2023	29/11/2023	28/08/2024	28/08/2024
BG	01/03/2023	10/11/2023	10/11/2023	10/11/2023	10/11/2023
CY	30/10/2024	30/10/2024	30/10/2024	30/10/2024	30/10/2024
CZ	05/12/2023	05/12/2023	05/12/2023	**15/12/2025**	**15/12/2025**
DE	Ní bhaineann le hábhar	06/03/2021	06/03/2021	31/10/2022	06/03/2021
DK	06/11/2023	06/11/2023	**08/03/2025**	**08/03/2025**	**08/03/2025**
EE	01/10/2023	15/03/2021	01/07/2021	01/07/2021	01/07/2021
ES	01/03/2023	01/01/2024	01/01/2024	05/09/2023	05/09/2023
FI	31/03/2023	31/03/2021	31/12/2022	31/12/ 2022	31/12/2022
FR	30/06/2023	06/03/2024	06/03/2024	30/11/2024	30/11/2024
GR	31/12/2023	31/12/2023	**30/06/2025**	**30/06/2025**	**30/06/2025**
HR	01/07/2023	01/03/2023	17/04/2023	01/01/2023	01/01/2023
HU	02/04/2024	02/04/2024	02/04/2024	01/11/2023	01/11/2023
IE	01/07/2023	23/11/2020	23/11/2020	**20/01/2026***	23/11/2020
IT	13/12/2022	13/12/2022	13/12/2022	30/11/2022	30/11/2022
LT	01/03/2023	28/02/2023	31/10/2023	31/12/2023	31/12/2023
LU	01/03/2023	10/01/2023	10/01/2023	02/05/2023	02/05/2023
LV	24/09/2017	24/09/2017	24/09/2017	04/06/2018	04/06/2018
MT	04/11/2024	04/11/2024	04/11/2024	**31/01/2025**	**31/01/2025**
NL	30/06/2023	01/12/2023	01/12/2023	01/04/2022	01/04/2022
PL	01/07/2023	20/10/2024	20/10/2024*	20/10/2024*	28/03/2022
PT	28/10/2024	28/10/2024	28/10/2024	28/10/2024	28/10/2024
RO	01/05/2024	30/09/2024	31/12/2024	31/12/2024	31/12/2024
SE	01/03/2023	27/09/2023	01/10/2024	31/12/2023	31/12/2023
SI	01/03/2023	01/03/2023	01/03/2024	01/01/2022	01/01/2022
SK	01/03/2023	01/10/2023	**02/06/2025***	**01/07/2025***	11/06/2016

Eochair eolais	
	Cuireadh an t-imscaradh i gcrích faoin 31/12/2024
	Níor cuireadh an t-imscaradh i gcrích faoin 31/12/2024
	Níor soláthraíodh aon dáta i bPleananna Tionscadail Náisiúnta nó níl an t-imscaradh infheidhme

Fíor 4: Pleanáil maidir le córais iontrála nó allmhairiúcháin náisiúnta a imscaradh

[1] Go dtí an 31/12/2023 i gcás na mBallstát ar deonaíodh maolú dóibh. Ina theannta sin, sholáthair FI agus GR dátaí i ráithí, dá bhrí sin, má thagann an ráithe laistigh de sprioc-am Chlár Oibre Chód Custaim an Aontais measadh go bhfuil sí comhréireach.
[2] Go dtí an 31/12/2023 le haghaidh na mBallstát ar deonaíodh maolú dóibh nó go dtí an 1/7/2024, i gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 2(4a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún.
* Uasghrádaíodh an córas náisiúnta in am ach ceanglaítear é a ailíniú a thuilleadh le Cód Custaim an Aontais agus Samhail Sonraí Custaim an Aontais.

Mar achoimre, tá na Ballstáit i mbun uasghrádú ar a dtrí thionscadal lán-náisiúnta a thabhairt chun críche. Thuairiscigh líon nach beag Ballstát moilleanna, le haghaidh Stóráil Shealadach den chuid is mó, uasghrádú an Chórais Allmhairiúcháin Náisiúnta, agus Nósanna Imeachta Speisialta – Comhpháirt 2, rud a d'fhág go raibh imscaradh ann a théann níos faide ná sprioc-amanna 2023. Dá réir sin, déantar difear d'fhearainn eile, amhail córas CCI ós rud é go bhfuil uasghrádú an Chórais Allmhairiúcháin Náisiúnta ina réamhriachtanas tábhachtach chun an córas leictreonach a imscaradh.

4.3 RIOSCAÍ MAIDIR LE MOILLEANNA AR CHUR CHUN FEIDHME TF CHÓD CUSTAIM AN AONTAIS

Tá dul chun cinn á dhéanamh ag an **gCoimisiún** mar **a bhí beartaithe** agus níor sainaithníodh aon mhoill tar éis an spriocdháta dhlíthiúil agus níor sainaithníodh aon riosca a d'fhéadfadh moill a chur ar imscaradh. Bíonn tionchar ag moilleanna a bhíonn ag na Ballstáit ar dhul chun cinn na gcóras tras-Eorpach amhail *ICS2*, *CCI*, *Córas Nua Ríomhchuidithe Idirthurais,* agus *AES* ina n-iomláine, rud a imríonn tionchar ar na gníomhaíochtaí faoi raon feidhme gníomhaíochta an Choimisiúin. Is é a thagann as sin níos mó acmhainní infheistíochta atá dírithe ar thástáil comhréireachta, comhordú agus gníomhaíochtaí tacaíochta le haghaidh na dtionscadal tras-Eorpach. Ina theannta sin, chuige sin éilítear tuilleadh cúnaimh, agus forbairt náisiúnta mhalartach, scéimeanna imscartha agus faireachán ann, chomh maith le cothabháil leathnaithe ar chomhpháirteanna lárnacha le linn idirthréimhsí.

Tá **dul chun cinn á dhéanamh go daingean agus de réir a chéile** ag formhór na mBallstát maidir leis na forbairtí atá faoina bhfreagracht, cé go bhfuil **dul chun cinn á dhéanamh ag cuid acu ar luas níos moille** ná mar a bhí beartaithe i dtús agus níor bhain cuid acu úsáid leordhóthanach as na tréimhsí leathnaithe a sholáthraítear le Clár Oibre Chód Custaim an Aontais 2023. Mar thoradh air sin, **tuairiscíodh moilleanna tar éis na sprioc-amanna dlíthiúla nó maolaithe** i roinnt tionscadal náisiúnta agus tras-Eorpach.

Tá dul chun cinn suntasach déanta ag formhór na mBallstát i bhforbairt na gcóras tras-Eorpach agus bhí roinnt acu ag iarraidh a gcórais a imscaradh faoi dheireadh 2023 i gcomhréir leis na sprioc-amanna tosaigh agus na maoluithe a cuireadh ar fáil. Mar sin féin, tá moilleanna fós ar chuid acu in 2024, agus is é a thagann as sin go bhfuil a gcuid pleananna imscartha á mbrú chuig deireadh na tréimhse imscartha nó ina dhiaidh sin. D'áitigh an Coimisiún go gcloífí go docht lena bPleananna Tionscadail Náisiúnta le haghaidh imscaradh tráthúil.

Sholáthair na Ballstáit roinnt foras chun bonn cirt a thabhairt leis na moilleanna, ar moilleanna athfhillteacha an chuid is mó acu. Orthu sin áirítear easpa acmhainní airgeadais agus daonna, tosaíochtaí iomaíocha agus idirspleáchais idir córais. Ina theannta sin, thuairiscigh na Ballstáit nach raibh bonneagair TF náisiúnta in ann déileáil le riachtanais theicniúla na dtionscadal, saincheisteanna acmhainneachta conraitheoirí agus spleáchais ar pháirtithe leasmhara eile. Thairis sin, ar na tosca eile a bhí ina rannchuidiú áirítear tréimhsí tástála comhréireachta leathnaithe, ullmhacht trádálaithe, glaonna ar thairiscintí ar ar cuireadh moill nó nach raibh rathúil, nósanna imeachta soláthair phoiblí troma, saincheisteanna rialachais agus comhtháthú córas casta.

A mhéid a bhaineann leis na tionscadail iontrála agus allmhairiúcháin náisiúnta, leagadh amach sna tuarascálacha roimhe sin agus i Roinn 4.2 gur chuir na Ballstáit iarrataí foirmiúla isteach ar mhaoluithe maidir le moilleanna lastall de sprioc-amanna dlíthiúla ina dtionscadail náisiúnta, lenar leathnaíodh an sprioc-am go dtí an 31 Nollaig 2023[12].

Leis an bhfaisnéis a sholáthraítear i bhFíor 4 taispeántar go bhfuil na Ballstáit seo a leanas déanach le haghaidh tionscadal amháin nó níos mó: AT, CZ, DK, GR, agus d'éiligh Ballstáit áirithe tuilleadh uasghrádaithe ar a gcóras chun bheith go hiomlán ailínithe le Cód Custaim an Aontais.

A mhéid a bhaineann leis na tionscadail thras-Eorpacha a mhionsonraítear i Roinn 4.2**,** agus a léirítear sa Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin, **chuir Ballstáit éagsúla an Coimisiún ar an eolas faoi na moilleanna seo a leanas:**

- Le haghaidh chur chun feidhme ***Nósanna Imeachta Speisialta – Comhpháirt 1***, tá dáta oibríochta beartaithe nó iarbhír ag na Ballstáit seo a leanas atá níos déanaí ná an sprioc-am i gClár Oibre Chód Custaim an Aontais: AT, CY, DK, FI, FR, GR, HU, IT, LT, LU, MT, PT, RO, SE agus SK. Chun níos mó mionsonraí a fháil, tagair do roinn 3.3 den Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann leis an tuarascáil seo.

[12] I gcás modhanna iompair seachas aer, maireann na maoluithe le haghaidh *Fógra Teachta, Fógra Cur i Láthair, agus Stóráil Shealadach* go dtí an 29/02/2024.

- Maidir le cur chun feidhme ***ICS2 – Eisiúint 3***, tá dáta oibríochtaí beartaithe nó iarbhír ag na Ballstáit seo a leanas atá níos déanaí ná an sprioc-am i gClár Oibre Chód Custaim an Aontais[13]: DK, FI, LU, MT agus RO. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach roinn 4.2 den Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis an tuarascáil seo.

- Maidir le cur chun feidhme ***CCI – Céim 1***, chuir na Ballstáit seo a leanas dáta oibríochtaí pleanáilte in iúl, dáta atá níos déanaí ná an sprioc-am atá leagtha amach i gClár Oibre Chód Custaim an Aontais[14]: AT, CY, CZ, DK, GR, FI, HU, IE, MT, NL, PT, SE, SI agus SK. Ina theannta sin, d'iarr FI, PT, agus SK maolú. Le haghaidh ***CCI – Céim 2***, léirigh BE, CZ, DE, FI, GR, NL agus PL dáta oibríochtaí beartaithe nó iarbhír atá níos déanaí ná an sprioc-am i gClár Oibre Chód Custaim an Aontais. Ina theannta sin, d'iarr PT agus SK maolú. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach roinn 3.5 agus roinn 4.4 den Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis an tuarascáil seo.

- Chun an ***Córas Nua Ríomhchuidithe Idirthurais – Céim 5*** a chur chun feidhme, tá dáta oibríochtaí beartaithe nó iarbhír ag AT, BE, CY, DK, ES, FI, FR, GR, HU, LT, MT, NL, PL, PT, RO, SE agus SK le haghaidh na bpríomhfheidhmiúlachtaí atá níos déanaí ná an sprioc-am a shainítear le haghaidh chéim 1 seo i gClár Oibre Chód Custaim an Aontais[15]. Mar sin féin, d'imscar na Ballstáit uile an córas faoin 21 Eanáir 2025, rud a chuir deireadh leis an idirthréimhse. . Is éacht an-tábhachtach é sin i gcur chun feidhme Chlár Oibre Chód Custaim an Aontais. Maidir leis na feidhmiúlachtaí nach príomhfheidhmiúlachtaí iad, tá moill ar chúpla Ballstát, cé nach bhfuil tionchar aige sin ar fheidhmiú an Chórais Nua Ríomhchuidithe Idirthurais — Céim 5 toisc nach bhfuil aon idirnasc díreach ann le córais Ballstát eile.

- Le haghaidh an ***Chórais Nua Ríomhchuidithe Idirthurais – Céim 6***, thuairiscigh GR, PL agus RO dáta oibríochtaí beartaithe nó iarbhír atá níos déanaí ná an sprioc-am i gClár Oibre Chód Custaim an Aontais. Tá an tionscadal seo le meas i dtaca le ICS2 Eisiúint 3. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach roinn 3.7 agus roinn 4.5 den Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis an tuarascáil seo.

- Le haghaidh chur chun feidhme ***AES – Comhpháirt 1***, tá dáta oibríochtaí beartaithe nó iarbhír ag na Ballstáit seo a leanas le haghaidh na bpríomhfheidhmiúlachtaí atá níos déanaí ná an sprioc-am le haghaidh chéim 1 seo i gClár Oibre Chód Custaim an Aontais[16]: AT, BE, CY, GR, HU, LU, MT, PL, PT, RO, SE, FR agus SK.

  Mar sin féin, is tábhachtaí fós an dáta imscartha deiridh le haghaidh AES an 2 Nollaig 2024 mar a shainítear i gClár Oibre Chód Custaim an Aontais, agus rialacha idirthréimhseacha i bhfeidhm go dtí an 11 Feabhra 2025. Thuairiscigh cúpla Ballstát saincheisteanna a bhféadfadh moill an-ghearr a bheith mar thoradh orthu (PT, MT, HU agus AT). Mar sin féin, thuairiscigh dhá Bhallstát (FR agus GR) go raibh fadhb níos substaintiúla acu, Ballstáit nach raibh in ann a gcomhpháirt a imscaradh in am, d'ainneoin na mbeart uile a rinneadh, agus a raibh moilleanna tromchúiseacha os a gcomhair. Dá réir sin, tá bac ar imscaradh an chórais AES nua agus cuirtear iallach ar na Ballstáit eile agus ar ghnólachtaí Eorpacha fanacht i dtréimhse aistrithe níos faide.

---

[13] In Athbhreithniú Chlár Oibre Chód Custaim an Aontais 2023, tá sé beartaithe go n-imscarfaidh na Ballstáit uile *ICS2 — Eisiúint 3* ina iomláine don 03/06/2024. Tá rolladh amach chóras *ICS2 — Eisiúint 3* beartaithe i dtrí chéim: Céim 1 maidir le hiompróirí uiscebhealaí idir mhuirí agus intíre (lena mbaineann tréimhse imscartha dar thús an 03/06/2024 agus dar críoch an 04/12/2024); Bhain Céim 2 le comhdaitheoirí bille ládála muirí i dtrácht na n-uiscebhealaí idir mhuirí agus intíre (lena mbaineann tréimhse imscartha dar tús an 04/12/2024 agus dar críoch an 01/04/2025); agus Céim 3 maidir le hiompróirí bóthair agus iarnróid (ina bhfuil tréimhse imscartha dar tús an 01/04/2025 agus dar críoch an 01/09/2025).

[14] San Athbhreithniú ar Chlár Oibre Chód Custaim an Aontais 2023, tá sé beartaithe deireadh a chur leis an tréimhse imscartha an 01/07/2024.

[15] San Athbhreithniú ar Chlár Oibre Chód Custaim an Aontais 2023, tá sé beartaithe deireadh a chur leis an tréimhse imscartha le haghaidh phríomhfheidhmiúlachtaí an chórais an 01/12/2023 agus le haghaidh na bhfeidhmiúlachtaí atá fanta an 02/12/2024. Faoin 02/12/2024, ba cheart do na Ballstáit agus do na trádálaithe uile *Córas Nua Ríomhchuidithe Idirthurais – Céim 5* a úsáid. Tá sé beartaithe deireadh a chur leis an aistriú an 21/01/2025.

[16] San Athbhreithniú ar Chlár Oibre Chód Custaim an Aontais 2023, tá sé beartaithe deireadh a chur leis an tréimhse imscartha le haghaidh phríomhfheidhmiúlachtaí an chórais an 01/12/2023, comhéadan comhchuibhithe a fhorbairt le EMCS don 13/02/2024, agus na feidhmiúlachtaí atá fanta don 02/12/2024. Faoin 02/12/2024, ba cheart do na Ballstáit agus do na trádálaithe uile córas *AES* a úsáid. Tá sé beartaithe deireadh a chur leis an aistriú an 11/02/2025.

I bhfianaise na moilleanna ar AES a chur chun feidhme, iarradh ar an gCoimisiún an tiontaire teachtaireachtaí lárnach a choinneáil ar bun go deireadh 2025 chun leanúnachas gnó a dheimhniú agus chun cur isteach ar shreabha trádála a sheachaint. D'fhág sé sin gur cuireadh síneadh *de facto* leis an idirthréimhse. Chun cumhdach dlíthiúil a bheith aige maidir leis an síneadh sin, mhol an Coimisiún leasú dlíthiúil ar Rialachán Cur Chun Feidhme Chód Custaim an Aontais maidir le Socruithe Teicniúla maidir leis na córais leictreonacha. Vótáladh an leasú sin an 7 Feabhra 2025 agus glacadh é i mí an Mhárta 2025 agus ceadaítear leis leanúint de na bearta idirthréimhseacha maidir le honnmhairiú agus imeacht ar feadh tréimhse shínte go dtí an 14 Nollaig 2025, agus fanfaidh an sprioc-am le haghaidh na mBallstát mar a shainítear i gClár Oibre Chód Custaim an Aontais

Le haghaidh ***AES – Comhpháirt 2***, léirigh GR, FI, MT agus FR dáta oibríochtaí beartaithe nó iarbhír atá níos déanaí ná an sprioc-am i gClár Oibre Chód Custaim an Aontais. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach roinn 3.8 den Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann leis an tuarascáil seo.

- Maidir le cur chun feidhme ***GUM – Comhpháirt 2***, chuir na Ballstáit seo a leanas dáta oibríochtaí pleanáilte in iúl, dáta atá níos déanaí ná an sprioc-am atá leagtha amach i gClár Oibre Chód Custaim an Aontais[17]: GR, FI, DE agus FR. Chun níos mó mionsonraí a fháil, féach roinn 4.1 den Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann leis an tuarascáil seo.
- Le haghaidh chur chun feidhme ***PoUS – Céim 2***, rud atá idirnasctha le EMSWe, tá an tionscadal ar sceideal ó thaobh cúrsaí custaim de, mar sin féin, tá moilleanna féideartha ann maidir leis na hIonaid Ilfhreastail Mhuirí Náisiúnta a bheith á gcur ar fáil ag údaráis mhuirí na mBallstát.

Tá an Coimisiún ag déanamh dlúth-anailíse agus dlúthfhaireacháin ar an gcás maidir leis na tionscadail thuas agus tá bearta á nglacadh aige chun a thacaíocht a mhéadú – féach Roinn 4.4 thíos.

4.4 BEARTA MAOLAITHE

Leag na **Ballstáit** amach na gníomhaíochtaí maolaitheacha éagsúla arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar mhoilleanna (féideartha) agus comhlíonadh na spriocdhátaí dlíthiúla a áirithiú. Ar na gníomhaíochtaí sin áirítear leithdháileadh acmhainní a bharrfheabhsú, modheolaíochtaí sofhreagrúla a ghlacadh, réitigh córas comhtháite a chur chun feidhme agus comhordú le conraitheoirí a neartú chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus comhar a fheabhsú. Tá sé beartaithe ag Ballstáit eile struchtúir eagraíochtúla a fheabhsú, próisis a chuíchóiriú agus pleanáil a bheachtú chun bainistíocht tionscadal agus cinnteoireacht a fheabhsú. Rinneadh tagairt do na bearta sin maidir le tionscadail náisiúnta agus thras-Eorpacha araon.

I bhfianaise na moilleanna ar thaobh na mBallstát, **tá an Coimisiún ag cur leis an tacaíocht a thugann sé do na Ballstáit trí roinnt gníomhaíochtaí a dhéanamh**.

Ar an gcéad dul síos, d'fheabhsaigh an Coimisiún an **mhaoirseacht agus an faireachán ar chlár IF Chód Custaim an Aontais** trí mhinicíocht na dtuarascálacha ar dhul chun cinn a mhéadú agus cruinnithe agus misin dhéthaobhacha a eagrú ar leibhéal an Stiúrthóra le gach ceann de na Ballstáit. Ar bhealach comhsheasmhach, rinneadh cur chun feidhme Chlár Oibre Chód Custaim an Aontais a chur freisin ar chlár oibre na gcruinnithe agus na misean arna seoladh ag an Ard-Stiúrthóir agus i gcruinnithe iomlánacha le hArd-Stiúrthóirí na mBallstát mar atá sa Ghrúpa um Beartas Custaim. Moladh do na Ballstáit bearta maolaitheacha a dhéanamh.

Lean an Coimisiún d'úsáid a bhaint as deais an Phlean Straitéisigh Ilbhliantúil – Custaim (MASP-C) bunaithe ar Athbhreithniú MASP-C 2023 agus ar Chlár Oibre Chód Custaim an Aontais 2023 chun

[17] San Athbhreithniú ar Chlár Oibre Chód Custaim an Aontais 2023, i gcás *GUM — Comhpháirt 1*, tá sé beartaithe go mbeidh an dáta imscartha an 11/03/2024 agus, i gcás GUM — *Comhpháirt 2*, tá tús na tréimhse imscartha le sainiú ag na Ballstáit, agus is é an 11/03/2024 an dáta imscartha is luaithe is féidir.

faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn agus ar phríomh-gharspriocanna an tionscadail agus chun moilleanna a shainaithint ag an tús. Cuirtear an deais i láthair ar bhonn ráithiúil do na Ballstáit in ECCG a thagann le chéile i gcomhpháirt leis an bpobal trádála.

Ina theannta sin, mar a léirítear in Athbhreithniú 2023 ar Chlár Oibre Chód Custaim an Aontais agus ar MASP-C, leagann an Coimisiún garspriocanna eatramhacha sonracha síos chun imscaradh rianúil na gcóras tras-Eorpach díláraithe a áirithiú agus chun costais bhreise a sheachaint.

Ar an dara dul síos, **threisigh an Coimisiún an cúnamh a thugann sé do na Ballstáit maidir le córais thras-Eorpacha** trí chur chuige sofhreagrúil agus atriallach a ghlacadh chun córais leictreonacha Chód Custaim an Aontais a fhorbairt agus a imscaradh. Leis an modh sin, lena n-áirítear fréamhshamhaltú, réiteach tapa ar shaincheisteanna agus ualach oibre cothrom don Choimisiún agus do na Ballstáit araon, cuirtear le cáilíocht an chórais agus éascaítear dul chun cinn inbhraite. Chuir na Ballstáit agus na trádálaithe fáilte roimh an gcur chuige sin.

Thairis sin, bhunaigh an Coimisiún sásra comhoibríoch i measc páirtithe leasmhara ó thús na dtionscadal chun cur le gníomhaíochtaí ullmhúcháin, deacrachtaí cinnteoireachta a chosc agus trédhearcacht a áirithiú tríd an eolas is déanaí a thabhairt ar thionscadail.

Lean an Coimisiún de chláir chomhordúcháin agus faireacháin a dhéanamh freisin le haghaidh gach ceann de na córais thras-Eorpacha lena gceanglaítear go ndéanfar obair shubstaintiúil ar thaobh na mBallstát chun na comhpháirteanna náisiúnta a fhorbairt.

Tuilleadh mionsonraí maidir leis na gníomhaíochtaí a dhéantar le haghaidh ICS2, an Córas Nua Ríomhchuidithe Idirthurais – Céim 5 agus AES:

- **Le haghaidh an chórais thras-Eorpaigh *ICS2***, lean an Coimisiún de thacaíocht a sholáthar do na Ballstáit agus do na hOibreoirí Eacnamaíocha ina ngníomhaíochtaí forbartha le haghaidh *ICS2 – Eisiúint 3* ar bhealaí éagsúla. Leis sin áiríodh seimineáir ghréasáin thiomnaithe a eagrú, cúnamh a thairiscint trí Cheisteanna Coitianta agus cruinnithe iomlánacha a chomhordú chun a áirithiú go n-ailíneofar pleananna tionscadail le garspriocanna an Choimisiúin maidir le TF a sholáthar. Ar deireadh, cuireadh feachtais chumarsáide, seisiúin oiliúna ar líne, agus doiciméadacht ar fáil i leabharlann phoiblí CIRCABC.
- **Maidir leis na córais thras-Eorpacha i ndáil le *Córas Nua Ríomhchuidithe Idirthurais — Céim 5* agus *AES***, lean an Coimisiún leis an ‘gClár Náisiúnta Comhordúcháin Riaracháin’ chun tacú leis na Ballstáit a gcomhpháirteanna náisiúnta a fhorbairt agus a imscaradh. Leathnaíodh an clár chun maoirseacht a dhéanamh ar aistriú na mBallstát agus na dtrádálaithe chuig an *gCóras Nua Ríomhchuidithe Idirthurais – Céim 5* agus córas *AES*, faireachán a dhéanamh ar an leanúnachas oibríochtúil le linn an aistrithe agus comhar níos dlúithe a chothú leis na Ballstáit. Áirítear leis na gníomhaíochtaí deasc chabhrach thiomnaithe, cruinnithe fíorúla chun maolú a dhéanamh ar mhoilleanna forbartha na mBallstát, faisnéis atá cothrom le dáta a scaipeadh chuig an bpobal trádála agus tuairisciú tráthrialta chuig ECCG agus CPG. Ina theannta sin, eisíonn an Coimisiún tuarascálacha comhdhlúite ráithiúla ar dhul chun cinn maidir leis an aistriú chuig na córais nua ó bhí R1 2021 ann, agus KPInna á soláthar chun foláireamh a bhrath go luath.

Faoi spreagadh na gclár faireacháin agus comhordúcháin le haghaidh na dtionscadal tras-Eorpach eile, mhéadaigh an Coimisiún a ghníomhaíochtaí chun dlúthfhaireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn na mBallstát maidir le forbairt na gcomhpháirteanna náisiúnta **le haghaidh an tionscadail CCI** agus bhunaigh sé tuarascáil chomhdhlúite ráithiúil ar dhul chun cinn ó R1 2024 ar aghaidh. Thairis sin, lean foireann gnó thiomnaithe CCI an Choimisiúin dá cuid iarrachtaí aghaidh a thabhairt ar cheisteanna na mBallstát maidir le hallmhairiú agus na simplithe tráth an allmhairithe amhail imréiteach láraithe. Ina theannta sin, tionóladh cruinnithe teicniúla tráthrialta ar bhonn seachtainiúil agus désheachtainiúil chomh maith le seisiúin aiseolais maidir le tástáil comhréireachta.

Ar an tríú dul síos, lorg an Coimisiún ionchur ó na Ballstáit maidir lena srianta agus maidir leis an tacaíocht is gá chun na rioscaí a mhaolú. Chuir na Ballstáit in iúl tríd an **suirbhé** go raibh na cruinnithe déthaobhacha ar leibhéal Stiúrthóra agus an t-idirphlé teicniúil le AS TAXUD an-tairbheach. Rinne siad measúnú ar sheimineáir ghréasáin theicniúla agus ar ghníomhaíochtaí comhroinnte faisnéise a chuir an Coimisiún ar fáil mar ghníomhaíochtaí úsáideacha. Mhol roinnt acu treoirlínte agus oiliúint oibríochtúil

bhreise, treoraíocht d'oibreoirí eacnamaíocha, agus cúnamh lena ngabhann tacaíocht agus saineolas gnó, agus thug an Coimisiún an méid sin ar aghaidh ansin le linn 2024.

Ar an gceathrú dul síos, bunaithe ar thoradh an tsuirbhé agus ar phlé déthaobhach leis na Ballstáit, is minic a léiríodh an easpa maoinithe iomchuí mar chúis le moilleanna. Is é is aidhm don teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an nglao nua ar chistiú faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (**ITT) 2025** feasacht a chur chun cinn i measc na mBallstát ar an bhféidearthacht chun tacaíocht a fháil le haghaidh chlaochlú digiteach Chód Custaim an Aontais.

Ar an gcúigiú dul síos, chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha na mBallstát sa bhainistíocht laethúil a dhéanann siad ar chlár digiteach Chód Custaim an Aontais, ghlac 3 Bhallstát (FR, MT agus GR) páirt i gclár píolótach a chuir an Coimisiún i bhfeidhm **le cuideachta chomhairliúcháin** i ndeireadh 2023**.** Thuairiscigh na Ballstáit le linn 2024 go raibh an léargas agus na moltaí a soláthraíodh an-úsáideadh chun tuiscint níos fearr a fháil ar na saincheisteanna agus ar conas aghaidh a thabhairt orthu agus, dá réir sin, tuilleadh moilleanna a sheachaint.

Ar deireadh, lean an Coimisiún den chleachtadh chun na **ceachtanna a foghlaimíodh** agus na **dea-chleachtais** a bhailiú chun na tionscadail dhigiteacha a fhorbairt. Chuige sin, leis an suirbhé a seoladh in 2024 soláthraíodh an fhaisnéis sin agus cuireadh na torthaí le roinn 1.2 den Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Ós rud é go bhfuilimid ag díriú i dtreo dheireadh 2025, iarradh ar na Ballstáit na sprioc-amanna i gClár Oibre nua Chód Custaim an Aontais a choimirciú. Níl ach bliain amháin fágtha chun Cód Custaim an Aontais maidir le TF a chur chun feidhme. **Tá gá le hiarrachtaí eisceachtúla agus gníomhaíocht láithreach** chun moilleanna a sheachaint agus chun a leanúnachas gnó a áirithiú le haghaidh na gcóras tras-Eorpach. I gcomhréir le dlí an Aontais, chuaigh an Coimisiún i mbun comhfhreagras foirmiúil leis na Ballstáit ar a bhfuil moill maidir le córais TF a chur chun feidhme.

Cé go dtugann an Coimisiún tacaíocht ar roinnt mhaith bealaí mar a léirítear thuas, is iad na Ballstáit atá freagrach as na comhpháirteanna agus na córais náisiúnta a fhorbairt agus a imscaradh. Rinneadh comhroinnt róil a shainiú agus a chomhaontú leis na páirtithe leasmhara uile ón tús agus ba cheart urraim a thabhairt don chomhroinnt sin ar feadh shaolré an tionscadail.

4.5 STAID NA hIMEARTHA MAIDIR LE TÍORTHA IS IARRTHÓIRÍ NÓ TÍORTHA IS IARRTHÓIRÍ IONCHASACHA

Is gá do na tíortha um méadú an Aontais amach anseo agus do pháirtithe conarthacha eile sa Choinbhinsiún maidir le Nós Imeachta Comhchoiteann um Earraí faoi Bhealach an t-aistriú i dtreo na gcóras leictreonach uasghrádaithe atá beartaithe ag Cód Custaim an Aontais a chur san áireamh, chomh maith leis na cuir chuige TF nua a cuireadh ar bun leis an togra le haghaidh athchóiriú.

Ní dhéanann an Coimisiún faireachán córasach ar an dul chun cinn i dtreo córais leictreonacha iomlána tíortha is iarrthóirí mar chuid den oibleagáid tuairiscithe faoi Airteagal 278a de Chód Custaim an Aontais. Mar sin féin, mar chuid den straitéis um an méadú lena n-áirítear na Comhaontuithe Comhlachais leis an Aontas, tá forbairt a gcóras TF lena dtacaítear lena n-ailíniú le reachtaíocht chustaim an Aontais ina príomhghné de na measúnuithe tráthrialta a dhéanann an tAontas.

Is gá do na tíortha is iarrthóirí nascadh de réir a chéile le córais Chód Custaim an Aontais nó iad a chur i bhfeidhm ar an gconair i dtreo dul isteach i gcríoch chustaim an Aontais. De réir dháta beartaithe an aontachais, is féidir go gceanglófar orthu freisin feidhmiúlachtaí Mhol Sonraí Custaim an Aontais a bheidh ann amach anseo a chomhlíonadh mar a mholtar sa phacáiste um Athchóiriú Custaim.

Amach anseo, mar ullmhúchán don Mhéadú a bhaineann le tíortha is iarrthóirí, is gá príomhghníomhaíochtaí éagsúla a dhéanamh go tráthrialta. Orthu sin áirítear tuairisciú ar an gcur chun feidhme digiteach agus páirt a ghlacadh i dtástáil comhréireachta chun idir-inoibritheacht idir a gcórais náisiúnta agus córais náisiúnta na mBallstát agus an Aontais a áirithiú. Ina theannta sin, is gá don Aontas measúnú tráthrialta a dhéanamh ar fheidhmíocht na gcóras.

5. ACHOIMRE AR BHAINISTÍOCHT AGUS CONCLÚIDÍ


Ón tráth a glacadh Clár Oibre Chód Custaim an Aontais den chéad uair in 2014, is tionscadal comhoibríoch é cur chun feidhme Chód Custaim an Aontais ina dtugann na páirtithe leasmhara uile gealltanas láidir.

Agus an tuarascáil seo á dréachtú aige, rinne an Coimisiún grinnanailís ar na sonraí dul chun cinn a bailíodh in 2024 agus chonaic sé go ndearna na Ballstáit dul chun cinn suntasach i dtreo sprioc 2025. Is éard a tháinig as an tiomantas comhroinnte sin, dul chun cinn suntasach i gclár cur chun feidhme digiteach Chód Custaim an Aontais in 2024, agus rolladh amach rathúil ar an gCóras Bainistíochta Ráthaíochta (GUM), ICS2 Eisiúint 3, PoUS Céim 1 agus an Córas Nua Ríomhchuidithe Idirthurais – Céim 5 ag gabháil leis sin.

Mar sin féin, d'ainneoin na n-éachtaí sin, leanann Ballstáit áirithe de bheith ag streachailt le sprioc-amanna tionscadal áirithe, go háirithe iad sin a bhaineann leis an bhfearann allmhairiúcháin (an Córas Allmhairiúcháin Náisiúnta, TS, CCI) agus leis an bhfearann onnmhairiúcháin (AES). Maidir leis na moilleanna a chuirtear ar Bhallstáit áirithe bíonn tionchar diúltach acu ar na páirtithe leasmhara eile, rud a chuireann teorainn leis na tairbhí agus a chuireann costais bhreise ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit eile agus ar na gnólachtaí Eorpacha. Le haghaidh na mBallstát nach n-imscarann an Córas Allmhairiúcháin Náisiúnta uasghrádaithe go fóill, ní fhaigheann an Coimisiún na sonraí uile is gá go fóill chun a chúraimí faireachais a dhéanamh. Le haghaidh CCI, tá tionchar ar ghnó Eorpach toisc nach mbeidh an rolladh amach ná na tairbhí le haghaidh cuideachtaí ar fáil ach amháin má d'imscar an dá Bhallstát lena mbaineann (i gcás ina bhfuil an chuideachta bunaithe agus ina bhfuil na hearraí á gcur i láthair ag an gcuideachta) a gcomhpháirt CCI náisiúnta. Le haghaidh AES, tá tionchar ar Bhallstáit eile toisc gurb amhlaidh a cheanglaítear le honnmhairiú indíreach a thosaítear i mBallstát amháin deimhniú an imeachta i mBallstát eile ionas gur féidir leis na cuideachtaí cruthúnas a fháil ar an imeacht agus CBL a aisghabháil. Dá bhrí sin, is gá don dá Bhallstát a bheith in ann cumarsáid a dhéanamh sa chóras céanna.

Leanann sé de bheith fíor-riachtanach go gcothaíonn na páirtithe leasmhara uile iarrachtaí agus go soláthraíonn siad na hacmhainní is gá chun sprioc-am deiridh 2025 a chomhlíonadh, ós rud é go leanfaidh éifeachtaí seach-iarmharta de bheith ag moilleanna breise ar Bhallstáit eile agus de bheith ag cur isteach ar an gcreat oibríochtúil comhsheasmhach atá beartaithe chun dul chun tairbhe do na hoibreoirí eacnamaíocha uile go haonfhoirmeach. Tugtar le tuiscint leis sin éilimh fhadaithe agus threisithe ar acmhainní le haghaidh tástáil comhréireachta bhreise, comhordú agus cothabháil leathnaithe córais ar thaobh an Choimisiúin, na mBallstát agus na n-oibreoirí eacnamaíocha. Thairis sin, tá príomhról ag cur chun feidhme digiteach Chód Custaim an Aontais maidir le cosaint ioncaim agus maidir le trádáil éagórach nó aindleathach a chomhrac.

I gcomparáid le 2023 tá iarrachtaí agus torthaí na mBallstát níos suntasaí anois, rud a léiríonn raon dul chun cinn atá ag éirí níos éagsúla agus muid ag druidim leis an mbliain deiridh maidir le cur chun feidhme Chód Custaim an Aontais. Leis an éagsúlacht sin leagtar béim ar an ngéarghá le gníomhaíocht aontaithe agus phras chun aistriú digiteach iomlán a áirithiú ar fud na mBallstát uile. Tá sé fíor-riachtanach móiminteam a choinneáil ar bun, aghaidh a thabhairt ar chéimeanna ar gcúl agus sprioc-amanna a chomhlíonadh chun leanúnachas gnó a chaomhnú agus tacú le hoibreoirí eacnamaíocha de réir mar a aistríonn an tAontas i dtreo timpeallacht chustaim atá iomlán digiteach. Mar a léirítear ó amharc sa ghraf thíos, tá cuid mhór oibre déanta againn agus tá bliain deiridh an imscartha amach os ár gcomhair.



Fíor 5 – Forbhreathnú ar Phleanáil

Ó 2024 ar aghaidh, beidh moilleanna ar thart ar 63 % de na Ballstáit in CCI Céim 1, cé gur tuairiscíodh níos lú moilleanna i gcomhpháirteanna eile, amhail ICS2 Eisiúint 3 agus AES, a bhfuil tionchar ag gach ceann acu ar 11 % ar a mhéad de na Ballstáit. Leis na difríochtaí sin léirítear leibhéal éagsúla ullmhachta agus cuirtear in iúl gurb amhlaidh, gan iarracht mharthanach, go bhféadfaí difear a dhéanamh de deasca moilleanna don amlíne chomhchoiteanna le haghaidh chur chun feidhme iomlán Chód Custaim an Aontais faoi 2025.

Chun an gharsprioc chriticiúil sin a bhaint amach, ní mór do na páirtithe leasmhara uile an bhéim a leagann siad ar Chlár Oibre Chód Custaim an Aontais, agus an gealltanas a thugann siad ina leith, a mhéadú go mór. I gcomhthráth leis sin, chuaigh an Coimisiún i dteagmháil go foirmiúil leis na Ballstáit ar a bhfuil moilleanna, i gcomhréir le dlí an Aontais. Leanfaidh an Coimisiún d'fhaireachán agus tacaíocht dhlúth a thabhairt trí rannpháirtíocht ar leibhéal an chláir agus ar leibhéal an tionscadail, arna bhforlíonadh le malartuithe déthaobhacha agus cruinnithe iomlánacha leis na Ballstáit.